# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

L 272 I

An t-eagrán Gaeilge — Reachtaíocht

**Imleabhar 65**

**20 Deireadh Fómhair 2022**


Clár

II *Gníomhartha neamhreachtacha*

RIALACHÁIN


★ **Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2022/1985 ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2022 lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin** ... 1


CINNTÍ


★ **Cinneadh (CBES) 2022/1986 ón gComhairle an 20 Deireadh Fómhair 2022 lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin** ... 5


GA

Tagraíonn gníomhartha a bhfuil a dteidil i gcló éadrom do bhainistiú cúrsaí talmhaíochta ó lá go lá agus go ginearálta bíonn tréimhse theoranta bailíochta i gceist leo.

Tá teidil na ngníomhartha eile i gcló trom agus tagann réiltín rompu.

II

*(Gníomhartha neamhreachtacha)*

# RIALACHÁIN

## RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2022/1985 ÓN gCOMHAIRLE

**an 20 Deireadh Fómhair 2022**

**lena gcuirtear chun feidhme Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin ([1]), agus go háirithe Airteagal 14(1) de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) Tá tacaíocht mhíleata á tabhairt ag réimeas na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cogadh atá gan chúis, gan údar. I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart triúr daoine aonair agus eintiteas amháin a raibh baint acu le forbairt agus seachadadh Aerárthaí Gan Foireann chuig an Rúis a chur le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014.

(4) Ba cheart, dá bhrí sin, Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014 i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an Rialachán seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

([1]) IO L 78, 17.3.2014, lch. 6.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Deireadh Fómhair 2022.

*Thar ceann na Comhairle*
*An tUachtarán*
M. BEK

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine agus an t-eintiteas seo a leanas le liosta na ndaoine nádúrtha agus dlítheanacha, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí a leagtar amach in Iarscríbhinn I a ghabhann le Rialachán (AE) Uimh. 269/2014:

**Daoine**

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "1263. | Mohammad Hossein BAGHERI<br>محمد حسین باقری | Áit bhreithe: Tehran na hIaráine<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: Fireann<br>Grád: Major-General<br>Post: Ceann Foirne ar Fhórsaí Armtha na hIaráine | Tá an Maor-Ghinearál Mohammad Hossein Bagheri ina Cheann Foirne ar Fhórsaí Armtha na hIaráine. Déanann sé maoirseacht ar an gclár míleata maidir le hAerfheithiclí Gan Foireann (UAV) agus tá ról tábhachtach aige i gcomhar cosanta na hIaráine le Cónaidhm na Rúise. Tá baint aige freisin le leathnú UAVanna de dhéantús na hIaráine thar lear; sa cháil sin, d'oscail sé líne cóimeála sa Táidsíceastáin a bhí ceaptha le dróin Ababil-2 a onnmhairiú. Ghlac sé páirt freisin i bhforbairt dróin Mohajer-6 agus bhí baint aige lena soláthar do Chónaidhm na Rúise lena n-úsáid sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá an Maor-Ghinearál Mohammad Hossein Bagheri freagrach as tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 20.10.2022 |
| 1264. | Sayed Hojatollah QUREISHI<br>سید حجت الله قریشی<br>dá ngairtear freisin Sayyed Hojatolah GHOREISHI | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: Fireann<br>Grád: Ginearál<br>Post: Head of the Supply, Research, and Industrial Affairs Division ag an Iranian Ministry of Defense and Armed Forces Logistics (MODAFL) | Is é Ginearál Sayed Hojatollah Qureishi Ceann an Supply, Research, and Industrial Affairs Division ag an Iranian Ministry of Defense and Armed Forces Logistics (MODAFL) agus tá sé freagrach as caibidlíocht a dhéanamh don chomhaontú le Cónaidhm na Rúise maidir le soláthar Aerfheithiclí Gan Foireann de dhéantús na hIaráine (UAVanna) lena n-úsáid sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá an Ginearál Sayed Hojatollah Qureishi freagrach as tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 20.10.2022 |
| 1265. | Saeed AGHAJANI / Saeed Ara Jani / Said Ara Jani / Said Agha Jani<br>سعید آقاجانی | Dáta breithe: 3.4.1969<br>Inscne: Fireann<br>Pas: Pas V47528711 (Iran)<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Post: Commander of the Islamic Revolutionary Guard Corps - Aerospace Force (IRGC ASF) UAV Command | Is é an Briogáidire-Ghinearál Saeed Aghajani Ceannasaí an Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force (IRGC ASF) UAV Command, arb é cnámh droma an chláir maidir le hAerfheithiclí Gan Foireann de chuid na hIaráine é. Stiúrann agus maoirsíonn an Briogáidire-Ghinearál Saeed Aghajani an phleanáil, an trealamh agus an oiliúint a mhéid a bhaineann le hoibríochtaí UAV san Iaráin; áirítear leis sin dróin a sholáthar do chomhghuaillithe idirnáisiúnta de chuid na hIaráine, lena n-áirítear Cónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá an Briogáidire-Ghinearál Saeed Aghajani freagrach as tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 20.10.2022" |

**Eintitis**

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "119. | Shahed Aviation Industries ar a dtugtar freisin Shahed Aviation Industries Research Center<br>صنایع هوایی شاهد<br>مرکز تحقیقات صنایع هوایی شاهد | | Is cuideachta í Shahed Aviation Industries san Iaráin a bhfuil baint aici le Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force agus atá freagrach as sraith Shahed d'Aerfheithiclí Gan Foireann na hIaráine (UAVanna) a dhearadh agus a fhorbairt. Cuireadh sraith Shahed de dhróin ar fáil do Chónaidhm na Rúise agus úsáidtear iad sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Shahed Aviation Industries freagrach as tacú go hábharach le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 20.10.2022" |

# CINNTÍ

## CINNEADH (CBES) 2022/1986 ÓN gCOMHAIRLE

**an 20 Deireadh Fómhair 2022**

**lena leasaítear Cinneadh 2014/145/CBES a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin**

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar an Aontas Eorpach, agus go háirithe Airteagal 29 de,

Ag féachaint don togra ó Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 17 Márta 2014, ghlac an Chomhairle Cinneadh 2014/145/CBES ([1]).

(2) Tá an tAontas fós diongbháilte agus tacaíocht á tabhairt aige do cheannasacht agus d'iomláine chríochach na hÚcráine.

(3) Tá tacaíocht mhíleata á tabhairt ag réimeas na hIaráine do chogadh foghach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, cogadh atá gan chúis, gan údar. I bhfianaise a thromchúisí atá an staid, measann an Chomhairle gur cheart triúr daoine aonair agus eintiteas amháin a raibh baint acu le forbairt agus seachadadh Aerárthaí Gan Foireann chuig an Rúis a chur le liosta na ndaoine, na n-eintiteas agus na gcomhlachtaí atá faoi réir na mbeart sriantach a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES.

(4) Tá gá le tuilleadh gníomhaíochta ón Aontas chun bearta áirithe a chur chun feidhme.

(5) Ba cheart, dá bhrí sin, Cinneadh 2014/145/CBES a leasú dá réir sin,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

Leasaítear an Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES i gcomhréir leis an Iarscríbhinn a ghabhann leis an gCinneadh seo.

*Airteagal 2*

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 20 Deireadh Fómhair 2022

*Thar ceann na Comhairle*

*An tUachtarán*

M. BEK

([1]) Cinneadh 2014/145/CBES ón gComhairle an 17 Márta 2014 a bhaineann le bearta sriantacha i ndáil le gníomhaíochtaí lena mbaintear an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin (IO L 78, 17.3.2014, lch. 16).

*IARSCRÍBHINN*

Cuirtear na daoine agus an t-eintiteas seo a leanas le liosta na ndaoine, na n-eintiteas, agus na gcomhlachtaí a leagtar amach san Iarscríbhinn a ghabhann le Cinneadh 2014/145/CBES:

**Daoine**

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "1263. | Mohammad Hossein BAGHERI<br>محمد حسین باقری | Áit bhreithe: Tehran na hIaráine<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: Fireann<br>Grád: Major-General<br>Post: Ceann Foirne ar Fhórsaí Armtha na hIaráine | Tá an Maor-Ghinearál Mohammad Hossein Bagheri ina Cheann Foirne ar Fhórsaí Armtha na hIaráine. Déanann sé maoirseacht ar an gclár míleata maidir le hAerfheithiclí Gan Foireann (UAV) agus tá ról tábhachtach aige i gcomhar cosanta na hIaráine le Cónaidhm na Rúise. Tá baint aige freisin le leathnú UAVanna de dhéantús na hIaráine thar lear; sa cháil sin, d'oscail sé líne cóimeála sa Táidsíceastáin a bhí ceaptha le dróin Ababil-2 a onnmhairiú. Ghlac sé páirt freisin i bhforbairt dróin Mohajer-6 agus bhí baint aige lena soláthar do Chónaidhm na Rúise lena n-úsáid sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá an Maor-Ghinearál Mohammad Hossein Bagheri freagrach as tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 20.10.2022 |
| 1264. | Sayed Hojatollah QUREISHI<br>سید حجت الله قریشی<br>dá ngairtear freisin Sayyed Hojatolah GHOREISHI | Náisiúntacht: Iaránach<br>Inscne: Fireann<br>Grád: Ginearál<br>Post: Head of the Supply, Research, and Industrial Affairs Division ag an Iranian Ministry of Defense and Armed Forces Logistics (MODAFL) | Is é Ginearál Sayed Hojatollah Qureishi Ceann an Supply, Research, and Industrial Affairs Division ag an Iranian Ministry of Defense and Armed Forces Logistics (MODAFL) agus tá sé freagrach as caibidlíocht a dhéanamh don chomhaontú le Cónaidhm na Rúise maidir le soláthar Aerfheithiclí Gan Foireann de dhéantús na hIaráine (UAVanna) lena n-úsáid sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá an Ginearál Sayed Hojatollah Qureishi freagrach as tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 20.10.2022 |
| 1265. | Saeed AGHAJANI / Saeed Ara Jani / Said Ara Jani / Said Agha Jani<br>سعید آقاجانی | Dáta breithe: 3.4.1969<br>Inscne: Fireann<br>Pas: Pas V47528711 (Iran)<br>Náisiúntacht: Iaránach<br>Grád: Briogáidire-Ghinearál<br>Post: Commander of the Islamic Revolutionary Guard Corps - Aerospace Force (IRGC ASF) UAV Command | Is é an Briogáidire-Ghinearál Saeed Aghajani Ceannasaí an Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force (IRGC ASF) UAV Command, arb é cnámh droma an chláir maidir le hAerfheithiclí Gan Foireann de chuid na hIaráine é. Stiúrann agus maoirsíonn an Briogáidire-Ghinearál Saeed Aghajani an phleanáil, an trealamh agus an oiliúint a mhéid a bhaineann le hoibríochtaí UAV san Iaráin; áirítear leis sin dróin a sholáthar do chomhghuaillithe idirnáisiúnta de chuid na hIaráine, lena n-áirítear Cónaidhm na Rúise. Dá bhrí sin, tá an Briogáidire-Ghinearál Saeed Aghajani freagrach as tacú le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 20.10.2022" |

**Eintitis**

| | Ainm | Faisnéis aitheantais | Ráiteas ar Chúiseanna | Dáta an liostaithe |
|---|---|---|---|---|
| "119. | Shahed Aviation Industries ar a dtugtar freisin Shahed Aviation Industries Research Center<br>صنایع هوایی شاهد<br>مرکز تحقیقات صنایع هوایی شاهد | | Is cuideachta í Shahed Aviation Industries san Iaráin a bhfuil baint aici le Islamic Revolutionary Guard Corps Aerospace Force agus atá freagrach as sraith Shahed d'Aerfheithiclí Gan Foireann na hIaráine (UAVanna) a dhearadh agus a fhorbairt. Cuireadh sraith Shahed de dhróin ar fáil do Chónaidhm na Rúise agus úsáidtear iad sa chogadh foghach i gcoinne na hÚcráine. Dá bhrí sin, tá Shahed Aviation Industries freagrach as tacú go hábharach le gníomhaíochtaí a bhaineann an bonn d'iomláine chríochach, de cheannasacht agus de neamhspleáchas na hÚcráine nó ar bagairt iad na gníomhaíochtaí sin ar an méid sin. | 20.10.2022" |

ISSN 1977-0839 (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2571 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA